# Báisteach

Galú:

Cad a tharlaíonn nuair a chuireann tú léine fhliuch amach ar an líne ar lá tirim, gaofar? Triomaíonn an léine sa ghaoth. Cabhraíonn an ghaoth leis an uisce sa léine galú a dhéanamh.

Imíonn locháin uisce ón mbóthar nuair a stopann an bháisteach. Téann cuid den uisce sin isteach sa talamh. Déantar gal den chuid eile.

Bailíonn an ghaoth uisce ó ghálú nuair a bhíonn sé ag séideadh thar an Aigéan Atlantach. Fanann an t-uisce i bhfoirm scamall. Nuair a shroicheann na scamaill seo Éire, titeann an t-uisce galaithe seo and bíonn báisteach againn. Ta cósta ar iar-thar na hÉireann níos gaire don Atlantach, agus sin an fáth a thiteann níos mó báistí ansin ná in aon áit eile sa tír.

Déan méadar báistí:

Iarr ar dhuine fásta buidéal amháin a ghearradh in dhá phíosa. Ghreamaigh an píosa leis an ngob le gob an bhuidéil eile le téip. Seo oscailt an mhéadair bháistí. Doirt braon den ola isteach sa mhéadar. Nuair a thiteann an bháisteach rachaidh sí faoin ola. Beidh an ola ann mar chlaibín agus stopfaidh sí galú. Ag tosú ar dhromchla na hola, bain úsáid as rialóir agus marcáil ceintiméadair agus leathcheintiméadair feadh an bhui-déil. Fág an méadar báistí amuigh. Scríobh dialann ag clárú cé mhéad báistí a thit tar éis seachtaine amháin, dhá sheachtain srl.

## CEISTEANNA

1. Cén cósta is fliche in Éirinn?
2. Cen fáth?
3. Cad is brí le galú ?
4. Cad a úsáidtear chun an méid báistí a thit a thomhas?

## FOCLÓIR

Galú

Méadar báistí

Tomhas



GMC

Erasmus+